

Post	<b>Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (PO)</b>
Conradh	<b>Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte</b>
Grúpa Seirbhíse	<b>Seirbhísí Corparáide</b>
Suíomh	<b>Is féidir a bheith lonnaithe i gCeannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Oifig na Gaillimhe, Oifig na gCealla Beaga nó Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM atá lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí (Le ceanglas freastal ar ár gCeannoifig de réir mar is gá).</b>

#### Cur síos ar Ghrúpa Seirbhíse cuí:

##### **Seirbhísí Corparáide**

Cuireann Seirbhísí Corparáide tacaíocht, pleanáil agus riarachán a bhaineann le cúrsaí Airgeadais, TFC, Soláthar, Seirbhísí Flít, Seirbhísí Infheistíochta agus gréasán Ice Plant ar fáil laistigh de BIM.

#### Achoimre ar an Ról:

Tá an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha freagrach as foireann ildisciplíneach a threorú agus a bhainistiú a sheachadann na feidhmeanna corparáideacha atá mar bhonn le plean straitéiseach BIM. Soláthraíonn an ról faisnéis agus comhairle thráthúil, shaineolach agus straitéiseach don fhoireann shinsearach ceannaireachta chun cinnteoireacht éifeachtach a éascú, agus tacaíocht acu ó na leibhéil rialachais is airde. Is é cuspóir an róil seo an straitéis agus na pleananna atá mar bhonn agus mar thaca ag gach gné de sheachadadh feidhmeanna Seirbhísí Corparáideacha a chruthú agus a fhorghníomhú chuig BIM agus chuig an tionscal. Tá an Stiúrthóir freagrach as éifeachtúlacht, rialachas agus comhlíonadh oibríochtúil a thiomáint ar fud na heagraíochta trí sheirbhísí éifeachtúla a chur ar fáil agus ligean do na haonaid ghnó sheachtracha a bheith freagrúil do threochtaí tionscail, cliaint agus eacnamaíochta.

Is ról criticiúil é an ról mar Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha a bhfuil freagracht shuntasach air príomhfheidhmeanna corparáideacha BIM maidir le hAirgeadas, Acmhainní Daonna (AD), TF, Áiseanna agus Seirbhísí Infheistíochta a threorú agus a bhainistiú. Tuairisceoidh an duine seo don POF agus beidh sé freagracht as príomhthascanna rialachas corparáideacha laistigh den Aonad Seirbhísí Corparáideacha. Tá an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ina bhall lárnach den Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta.

Tá réimse scileanna ceannaireachta agus bainistíochta an-éifeachtach ag teastáil ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus taithí fhairsing ábhartha chun na feidhmeanna corparáideacha sin a bhainistiú go héifeachtach agus leanúint ar aghaidh ag athrú a seachadta trí nuálaíocht agus foirne ardfheidhmíochta a fhorbairt.

Mar sin, táimid ag lorg ceannaire a mbíonn dea-thionchar aige ar dhaoine, a léiríonn fianaise ar ghnóthachtáil agus éiteas a dhíríonn ar chustaiméirí agus ar fheabhsú leanúnach chun seirbhísí ardchaighdeán, forásacha agus éifeachtacha a chur ar fáil.

#### Cúlra agus Riachtanais:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt.

Tacaíonn sé le tionscal agus pobail bhia mara na hÉireann chun a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí inbhuanaithe.

Agus é ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, bíonn an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha freagrach as straitéis láidir seirbhísí corparáideacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cothabháil eagraíochta dea-fhorbartha agus ardfheidhmíochta a chinntiú. Is é cuspóir an róil seo an straitéis agus na pleananna atá mar bhonn agus mar thaca ag gach gné de sheachadadh feidhmeanna Seirbhísí Corparáideacha a chruthú agus a fhorghníomhú chuig BIM agus chuig an tionscal.

Tá an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha freagrach as oibriú éifeachtach agus comhlíontach ghníomhaíochtaí tacaíochta gnó BIM. Ina measc sin tá Airgeadas, TF, AD, Seirbhísí Infheistíochta (Scéimeanna Deontais) agus Áiseanna.

#### Príomhthascanna:

- Freagrach as éifeachtúlacht, rialachas agus comhlíonadh oibríochtúil a thiomáint ar fud na heagraíochta trí sheirbhísí éifeachtacha a sholáthar agus ligean do na haonaid ghnó sheachtracha treochtaí tionscail, cliaint agus eacnamaíochta a aithint agus a bheith freagrach astu go luath.
- Freagrach as oibriú éifeachtach agus comhlíontach ghníomhaíochtaí tacaíochta gnó BIM. Ina measc sin tá Airgeadas, TF, AD, Seirbhísí Infheistíochta (Scéimeanna Deontais) agus Áiseanna.
- Ceannaireacht dhinimiciúil fhísiúil a chur ar fáil d'fhoireann na Seirbhísí Corparáideacha, agus lucht oibre díograiseach sofhreagrach a chruthú atá an-inniúil agus dírithe ar fheabhas a chur ar sheirbhísí.
- Páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha a bhainistiú agus caidreamh dearfach a chruthú leis na páirtithe leasmhara go léir.
- Eagraíocht ardfheidhmíochta, nuálach agus sofhreagrach a chothabháil agus a fhorbairt trí mheascán de scileanna ceannaireachta straitéiseacha agus bainistíocht éifeachtach caidrimh.
- I gceannas ar Aonad Gnó na Seirbhísí Corparáideacha chun a chinntiú go seachadtar príomhthionscnaimh agus gníomhaíocht plean oibre de réir phleananna straitéiseacha BIM.
- Riosca corparáideach a aithint, a bhainistiú agus a thuairisciú, idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhfeidhm iniúchta inmheánach.
- Comhlíonadh iomlán an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chinntiú.
- Cultúr feabhsaithe leanúnach a leabú trí fhorbairt eagrúcháin, athrú claochlaithe agus nuálaíocht chun seirbhísí a sheachadadh atá ar ardchaighdeán, forásach, éifeachtach agus dírithe ar chustaiméirí.
- Cuntais Bhliantúla agus Tuarascáil Bhliantúil BIM a ullmhú agus teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i dtaca le hiniúchadh airgeadais bliantúil na heagraíochta.
- Na hIniúchtaí Inmheánacha go léir a sceidealú ag teacht le ARC BIM agus a dhearbhu go gcuirtear gach moladh i bhfeidhm go hiomlán.
- Comhlíonadh feidhmeanna reachtúla a chinntiú mar atá leagtha síos in Achtanna éagsúla lascaigh Mhara agus i reachtaíocht ábhartha eile, freagairt go gasta do cheisteanna Roinne agus ábhair eile a bhaineann le cúrsaí corparáide.
- Idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le sócmhainní a cheannach agus a dhíol de réir mar is cuí i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí.
- Tuairisciú faoi fheidhmíocht chuig POF agus chuig an mBord.
- KPIanna a fhorbairt chun buiséad comhaontaithe agus achar ama a bhaint amach.
- Páirt a ghlacadh i bhforbairt na Straitéise Corparáidí, páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí agus i gcinnteoireacht SLT.
- Bheith mar ionadaí do bhaill SLT eile agus/nó POF de réir mar is gá.

## Eile:

Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh.

## Struchtúr Tuairiscithe:

**Bainisteoir Líne:** POF

## Teagmhálacha:

### Laistigh de BIM

Bord Stiúrthóirí, POF, Ceann Airgeadais, foireann BIM in Aonad Seirbhísí Corparáideacha.

### Lasmuigh de BIM

DAFM, SIPO agus aon chomhlachtaí rialála eile.

### Oiliúint

Níl aon riachtanais oiliúna éigeantach don ról seo.

Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

## Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúla, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

### Riachtanach:

- Taithí bainistíochta 5 bliana ar a laghad laistigh den Earnáil Phoiblí.
- Cáilíocht ábhartha airgeadais, rialachais nó cuntasáíochta ag leibhéal na céime.
- Taithí ar phríomhfheidhmeanna Seirbhísí Corparáideacha nó rialachais a threorú agus an cumas tuiscint a fhorbairt go tapa ar ról agus ar chuspóirí BIM, agus meas a léiriú orthu agus ar an gcomhthéacs ina n-oibríonn siad.
- Taithí ar dhea-chleachtais rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm.
- Taithí ar thionscadail shuntasacha bainistíochta athraithe a chur i bhfeidhm.
- Taithí ar a bheith ag obair le Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit ag leibhéal sinsearach.
- Fianaise ar thaithí cheannaireachta ag leibhéal sinsearach, foirne ardfheidhmíochta a fhorbairt d'fhonn cuspóirí eagrúcháin BIM a chur i gcrích.
- Eolas fóna ar bheartais agus ar phróisis rialachais agus bainistithe riosca agus taithí ar a gcur i bhfeidhm.
- An cumas agus solúbthacht dul in oiriúint do chúinsí atá ag athrú go tapa agus réitigh nuálacha a aimsiú.
- An cumas tacú le gach páirtí leasmhar ábhartha ar fud na heagraíochta agus tionchar a bheith agat orthu.
- An cumas tionscnaimh fheabhsaithe leanúnacha a chruthú, a fhorbairt agus a thiomáint.
- Taithí mhaith ar bhainistiú leithdháiltí buiséid ar scála cosúil le BIM.
- Taithí ar oibriú go dlúth le Bord agus lena fhochoistí.
- An uaimhian spriocanna forbartha straitéisí a bhaint amach agus muinín láidir phearsanta agus ghairmiúil.

#### Inmhianaithe:

- ACA; ACCA nó CIMA an-bhuntaísteach.
- Tuiscint ar earnáil na mara nó bia mara.
- Taithí ar GDPR a bhainistiú agus/nó gníomhú mar Oifigeach Cosanta Sonraí.
- Taithí ar fheidhmeanna AD a bhainistiú.
- Taithí ar bhainistiú áiseanna.

#### Tascanna a léiríonn tréithe pearsanta speisialta a theastaíonn ón bpost:

- Sárscileanna ceannaireachta agus pleanála straitéisí.
- An-spreagadh chun a chinntiú go gcuireann BIM seirbhís den scoth ar fáil dá pháirtithe leasmhara.
- Timpeallacht oibre chomhoibríoch thacúil a spreagadh.
- Scileanna maithe eagrúcháin agus socraithe tosaíochta, agus an cumas iliomad tosaíochtaí a bhainistiú.
- Ábalta athrú a threorú i dtimpeallacht na hearnála poiblí.
- Ábalta oibriú go neamhspleách chomh maith le bheith mar chuid d'fhoireann éifeachtach laistigh den Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta.
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide, agus an cumas plé go dearfach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúrtha.
- Tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le comhroinnt faisnéise, foghlaim ar feadh an tsaoil agus iarracht mhaith feabhsú leanúnach a dhéanamh i dtimpeallacht chomhoibríthe.

#### Tuarastal:

Tá luach saothair bunaithe ar Scála Tuarastail Faofa le haghaidh Grád PO na hEarnála Poiblí, na Roinne Airgeadais, agus beidh raon tuarastail €97,207 - €120,237 ann (ón 1 Márta 2023) in aghaidh na bliana i gcóimheas leis an am oibre. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

#### Saoire Bhliantúil:

Is é 30 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

#### Fad an Chonartha:

Cuirfear conradh fostaíochta Tréimhse Éiginnte ar fáil le cead ó BIM faoi réir léiriú sásúil ar an leibhéal atá ag teastáil agus an tréimhse phromhaidh atá ag teastáil a chur i gcrích. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí.

#### Conas iarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig [jobs@bim.ie](mailto:jobs@bim.ie) nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

**Is é 5 p.m. an 31 Márta 2023 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig [jobs@bim.ie](mailto:jobs@bim.ie).

**Úsáid Sonraí** - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scríosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

**Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.**

***Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara***

